

- |   |  |
|---|--|
| <p><b>1.</b> Tá sé dorcha.<br/>Níl sé dorcha.<br/>An bhfuil sé dorcha?<br/>Nach bhfuil sé dorcha?</p> <p>Tá.<br/>Níl.</p> <p>geal / dorcha<br/>te / fuar<br/>tirim / fliuch</p>   | <p>It's dark.<br/>It's not dark.<br/>Is it dark?<br/>Isn't it dark?</p> <p>Yes (is).<br/>No (isn't).</p> <p>bright / dark<br/>hot / cold<br/>dry / wet</p>   |
| <p><b>2.</b> Tá an bord mór.<br/>Níl sé beag.</p> <p>mór / beag<br/>glan / salach<br/>trom / éadrom<br/>blasta / gránna<br/>milis / géar</p>  | <p>The table is large.<br/>It isn't small.</p> <p>large / small<br/>clean / dirty<br/>heavy / light<br/>tasty / nasty<br/>sweet / sour</p>   |
| <p><b>3.</b> Cá bhfuil an foclóir?<br/>Tá sé ar an mbord.</p> <p>anseo / ansin<br/>istigh / amuigh<br/>ar an mbord / ar an bpláta<br/>ar an urlár / ar an díon<br/>faoin mbord / faoin mbosca<br/>sa bhosca / sa chupán<br/>sa mhála / sa chistin<br/>sa bhaile</p> | <p>Where is the dictionary?<br/>It's on the table.</p> <p>here / there<br/>inside / outside<br/>on the table / on the plate<br/>on the floor / on the roof<br/>under the table / under the box<br/>in the box / in the cup<br/>in the bag / in the kitchen<br/>at home</p> |
| <p><b>4.</b> Bhí sé dorcha.<br/>Ní raibh sé dorcha.<br/>An raibh sé dorcha?<br/>Nach raibh sé dorcha?</p> <p>Bhí.<br/>Ní raibh.</p>   | <p>It was dark.<br/>It wasn't dark.<br/>Was it dark?<br/>Wasn't it dark?</p> <p>Yes (was).<br/>No (wasn't).</p>  |

mé	I	muid, sinn	we
tú	you	sibh	y'all
sé	he	siad	they
sí	she		

**Comhrá 1**

A: An bhfuil sé tirim?

B: Níl. Tá sé fliuch.

**Comhrá 2**

A: An bhfuil an bainne fuar?

B: Níl. Tá sé te.

A: An bhfuil an t-uisce fuar?

B: Tá, ach tá sé salach.

**Comhrá 3**

A: Cá bhfuil an leabhar?

B: Tá sé sa bhosca.

A: An bhfuil an bosca sa chistin?

B: Níl. Tá sé ar an mbord.

**Comhrá 4**

A: An bhfuil Seán sa bhaile?

B: Tá. Tá sé sa chistin.

A: Níl sé ansin.

B: Tá. Tá sé faoin mbord.

**Comhrá 5**

A: An raibh tú sa bhaile aréir?

B: Ní raibh. Bhí mé sa pháirc.

A: Nach raibh sé fuar?

B: Ní raibh. Bhí sé te.

**Comhrá 6**

A: Dia duit.

B: Dia is Muire duit.

A: Cén chaoi a bhfuil tú?

B: Tá mé fuar.

A: Tá sé fuar inniu.

B: Tá, ach tá sé tirim.

A: Ar mhaith leat cupán tae?

B: Ba mhaith, le do thoil.

A: Tá an tae sa chistin, ar an mbord.

B: An bhfuil sé te?

A: Tá.

B: Go raibh maith agat.

A: Fáilte.

**Conversation 1**

Is it dry?

No. It's wet.

**Conversation 2**

Is the milk cold?

No. It's warm.

Is the water cold?

Yes, but it's dirty.

**Conversation 3**

Where's the book?

It's in the box.

Is the box in the kitchen?

No. It's on the table.

**Conversation 4**

Is John at home?

Yes. He's in the kitchen.

He's not there.

Yes [he is]. He's under the table.

**Conversation 5**

Were you at home last night?

No. I was in the park.

Wasn't it cold?

No. It was warm.

**Conversation 6**

Hello.

Hello.

How are you?

I'm cold.

It's cold today.

Yes, but it's dry.

Would you like a cup of tea?

Yes [I would], please.

The tea is in the kitchen, on the table.

Is it warm?

Yes.

Thank you.

You're welcome.